


A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1

Beidh tú ag féachaint ar mhír ar ball faoi dheireadh le ré (era) na hirise *Feasta*. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An léann tú aon iris i nGaeilge nó i mBéarla nó i dteanga ar bith eile?
2. An gceannaíonn daoine irisí i siopaí fós nó an irisí digiteacha amháin a léann gach duine, dar leat?
3. Cé acu is fearr leat féin – iris dhigiteach nó iris chlóite? Cén fáth?



Réamhchleachtadh 2

Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Féachaigí ar na híomhánna ón mír físe agus freagraí na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a bhfuil an dáta 1948 le feiceáil?
2. Cén cineál irise í *Feasta*?
3. Cén fáth a bhfuil an dáta Bealtaine 2023 tábhachtach, dar leat?



B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

síorlaghdú	<i>we will see</i>
eagrán	<i>reorganisation</i>
chífidh muid	<i>little bits, snippets</i>
dílis	<i>continuous decrease</i>
blúiríní	<i>fund</i>
earnáil	<i>sector</i>
atheagar	<i>in context</i>
maoiniú	<i>edition</i>
ciste	<i>funding</i>
i gcomhthéacs	<i>loyal</i>

2. Cad is brí leis an bhfocal ‘feasta’?
3. Féach ar an líne seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. Cad is brí leis an bhfocal ‘idir’ sa fhrása ‘idir óg agus aosta’?

‘Agus thugadh *Feasta* an-tacaíocht i gcónaí do scríbhneoirí, **idir óg agus aosta**, agus is trua nach mbeidh an tacaíocht sin ar fáil níos mó.’

4. Má chiallaíonn an focal ‘riar’ *administer* agus an focal ‘síntiús’ *subscription*, cad is brí leis na focail ‘riarthóir’ agus ‘síntiúsóir’?



C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair. Meitseáil an t-eolas ar chlé leis an eolas cúí ar dheis. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Síorlaghdú ar an tacaíocht ón stát ach níl ach dhá iris as Gaeilge ar fáil.
Foilsíodh an chéad eagrán dá mbeadh <i>Feasta</i> fós ar fáil.
350 75 bliain ó shin.
Thug an iris an-tacaíocht d'óg agus aosta leabharlanna stáit síntiús a ghlacadh.
Bheadh earnáil na foilsitheoireachta níos fearr síntiúsóir a bhí ag an iris.
Níor maoiníodh an iris mar shíl Foras na Gaeilge le bheith ag scríobh as Gaeilge
Tá breis is 200 iris ar fáil as Béarla don phobal is cúis le deireadh na hirise <i>Feasta</i> .
Níor glacadh leis an moladh gur cheart do nach n-éireodh léi amach anseo.

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge a phléigh tú faoi **Foclóir**, agus atá cloiste agat sa mhír anois, chun na bearnaí a líonadh sna habairtí:

- Bhí sé mar chuid d'_____ a rinneadh ar airgead na heagraíochta.
- Bhí a lán daoine an-_____ don iris.
- _____ na Bealtaine seo an ceann deireanach a _____ den iris.
- Ó 2014 bhí Conradh na Gaeilge ag _____ na hirise as a g_____ féin.
- Caithfidh tú meath na léitheoirí irise a chur _____ an lae inniu.
- _____ ar an tacaíocht ón stát in _____ na foilsitheoireachta Gaeilge is cúis le deireadh na hirise *Feasta*.
- Bhíodh Síle Ní Mhurchú ag scríobh _____ don iris.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (foilsigh)

- a) Féach ar na leaganacha seo den bhriathar ‘foilsigh’ a bhí le cloisteáil sa mhír. Cén Béarla a chuirfeá ar na briathra sa dá shampla? Cén aimsir lena mbaineann siad?

1. Seachtó cúig bliain ó shin a foilsíodh an chéad eagrán den iris de chuid Chonradh na Gaeilge.
2. Eagrán na Bealtaine seo caite an ceann deireanach a chífidh muid den iris mhíosúil <i>Feasta</i> a d’fhoilsigh Conradh na Gaeilge den chéad uair in 1948.

- b) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na briathra thíos. Pléigí brí na mbriathra i ngach sampla.

Rinne mé an obair.	vs.	Rinneadh an obair.
Chuir sé an litir sa phost.	vs.	Cuireadh an litir sa phost.
D’ith sí an cáca ar fad.	vs.	Itheadh an cáca ar fad.
D’ordaigh sibh an leabhar.	vs.	Ordaíodh an leabhar.
Dhún siad na doirse.	vs.	Dúnadh na doirse.
Scríobh sí leabhar faoin topaic.	vs.	Scríobhadh leabhar faoin topaic.

- c) Cum abairtí anois leis na saorbhriathra seo atá san aimsir chaite. Cuir do chuid abairtí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat ansin: *chonacthas / dúradh / rugadh*.

2: Cruinneas gramadaí (na míonna)

- a) Féach ar an sampla arís ón mír: Eagrán **na Bealtaine**. Cuirtear na míonna sa tuiséal ginideach tar éis an fhocail ‘mí’ freisin. Líon na bearnaí thíos leis an bhfoirm cheart den mhí. Bí cúramach áfach; ní thagann athrú ar na míonna ar fad.

Eanáir:	mí _____	Feabhra	mí _____
Márta	mí _____	Aibreán	mí _____
Bealtaine	mí <u>na Bealtaine</u>	Meitheamh	mí _____
Iúil	mí _____	Lúnasa	mí _____
Meán Fómhair	mí _____	Deireadh Fómhair	mí _____
Samhain	mí _____	Nollaig	mí _____

- b) Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat:

Cén mhí ina mbíonn do bhreithlá? Cén mhí ina mbíonn an lá is faide / is giorra sa bhliain? Cén mhí is fearr leat? Cén mhí ina mbíonn laethanta saoire agat de ghnáth?

E: CUMARSÁID

1: Caint

Is léir go bhfuil géarghá le hiris nua Ghaeilge. Bí ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa. Samhlaí gí go bhfuil Foras na Gaeilge ag cur airgead mór ar fáil chun iris nua a chruthú. Bí gí ag cur agus ag cúiteamh faoin iris a chruthóidh sibh. Pléigí na ceistanna seo chun cabhrú libh.

1. Cén cineál irise a bheidh ann?
(iris spóirt, iris litríochta, iris faoi chúrsaí reatha ...)
2. Cé air a mbeidh an iris dírithe?
(déagóirí, daoine óga, daoine dátheangacha...)
3. Cén cineál ábhair a bheidh ann?
(filíocht, gearrscéalta, ailt faoi chúrsaí reatha nó spóirt, gné-ailt (*features*), ailt tuairimíochta, fóta-iriseoireacht...)
4. An iris chlóite nó dhigiteach a bheidh i gceist?

Samhlaí gí go mbeidh ar gach duine sa ghrúpa alt a scríobh don iris nua. Cad é teideal agus ábhar an ailt a scríobhfaidh gach duine? Mar shampla:

Slán le hÉirinn i gCorn an Domhain sa Rugbaí

An ceann is fearr faighte ar na geansaithe glasa

le Siobhán Nic Gearailt

2: Scríobh

Caithfidh sibh anois clúdach na hirise a dhearadh. Bíodh na nithe seo a leanas mar chuid den chlúdach: ainm na hirise / cur síos ar an iris in abairt nó dhó / na scríbhneoirí agus teidil na n-alt.



AN SCRIPT

Eibhlín Ní Choistealbha

Síorlaghdú ar an dtacaíocht¹ stáit don iris an chúis a thug riarthóirí na hirise Gaolainne² *Feasta* nach bhfoilseofar arís í. Seachtó cúig bliain ó shin a foilsíodh an chéad eagrán den iris de chuid Chonradh na Gaeilge.

Ailbhe Ó Monacháin

Tá deireadh le ré eile i stair fhoilsitheoireacht na Gaeilge. Eagrán na Bealtaine seo caite an ceann deireanach a chífidh muid den iris mhíosúil *Feasta*, a d'fhoilsigh Conradh na Gaeilge den chéad uair in 1948. I litir chuig an 350 síntiúsóir a d'fhán dílis don iris, thug an riarthóir Donnchadh Ó hAodha le fios gur 'síorlaghdú ar an dtacaíocht stáit don iris' is cúis le deireadh a chur lena foilsiú. Ní raibh lucht na hirise ag iarraidh tuilleadh a rá go poiblí faoi inniu ach tá díomá ar léitheoirí fán³ chinneadh.

Síle Ní Mhurchú, Léachtóir le Gaeilge & Colúnaí le *Feasta*

Léim an iris *Feasta* na haon⁴ mhí agus scríobhaim blúiríní anois is arís don eagarthóir atá anois ann, Cormac Ó hAodha, agus do Phádraig Mac Fhearghusa roimhe sin. Agus thugadh *Feasta* ana-thacaíocht⁵ i gcónaí do scríbhneoirí, idir óg agus aosta, agus is trua nach mbeidh an tacaíocht sin ar fáil níos mó. Tá *Comhar* againn fós gan dabht ach, dar liomsa, ní leor iris amháin. Bheadh earnáil na foilsitheoireachta i bhfad níos sláintiúla, dar liomsa, dá bhféadfaí leanúint ar aghaidh le *Feasta*.

Ailbhe Ó Monacháin

In 2014 a tháinig deireadh leis an mhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge, mar chuid d'atheagar a rinneadh ar mhaoiniú d'fhoilseacháin Ghaeilge. Ó shin, fuair *Feasta* maoiniú éigin ón Chomhairle Ealaíon, ach dúradh leis na síntiúsóirí nach bhféadfaí forbairt a dhéanamh ar an mhaoiniú sin. Ó 2014 bhí Conradh na Gaeilge ag cur €10,000 sa bhliain ar fáil don iris as a gciste féin ón Fhoras.

Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge

Ní hé go raibh iontas orainn. Ó cuireadh deireadh leis an mbunmhaoiniú a bhí ag *Feasta* in 2014, is dócha go raibh sin ann, nach mbeadh ag éirí leis an nuachtán amach anseo. Ní raibh aon airgead forbartha ag an nuachtán. Ní raibh aon airgead acu dul isteach sa ré dhigiteach agus araile. Agus is mór an t-easnamh a bheas⁶ ann anois do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta, go háirithe nuair a chuireann tú é i gcomhthéacs go bhfuil breis is dhá chéad iris ar fáil as Béarla don phobal mór, ach níl ach dhá iris rialta anois as Gaeilge ar fáil don phobal.

Ailbhe Ó Monacháin

Dúirt *Feasta* inniu gurb é deireadh le maoiniú an Fhorais tús a deiridh don iris. Dúirt sé nár tugadh aird ar bith ar mholadh a rinne sé féin ag Comhchoiste Gaeilge an Oireachtais i mbliana, go gcuirfeadh an Foras – nó eagraíocht eile – maoiniú ar fáil agus go gcaithfeadh leabharlanna poiblí an stáit síntiús a ghlacadh leis an iris. Níl fágtha anois d'irisí Gaeilge ach *Comhar* agus *an Timire*, rud a chiallaíonn gur sa chartlann bhaile nó ollscoile a bheas fáil feasta ar an iris *Feasta*.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4.

¹ Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

² Gaolainn = leagan canúnach de 'Gaeilge'

³ fán = leagan canúnach de 'faoin'

⁴ na haon = leagan canúnach de 'gach'

⁵ ana-thacaíocht = 'an-tacaíocht' a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil

⁶ 'a bheas' = a bheidh

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis dóibh labhairt faoi na hirísí (nó easpa irisí) a léann siad le chéile.

Réamhchleachtadh 2:

Is é aidhm an réamhchleachtaidh seo ná ábhar/topaic na míre a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí sula bhféachfaidh siad uirthi chun tacú leis an gcluastuisceant ar ball. Féach an méid atá ar fáil ar Vicipéid:

Feasta

🌐 1 language ▾

Alt Plé
Léigh
Cuir in eagar
Cuir foinse in eagar
Féach ar stair
Uirlisí ▾

Ón Vicipéid, an chlipéid shaor.

Iris Ghaeilge a phléigh litríocht, polaitíocht agus eolaíocht ab ea **Feasta**. Bunaíodh an míosachán in 1948 agus tháinig an t-eagrán deiridh den iris amach i mí na Bealtaine 2023.^[1] Bhí beagnach 900 eagrán den iris mhíosúil foilsithe ó cuireadh i gcló ar dtús í i 1948.^[2]

Ábhar [cuir in eagar | athraigh foinse]

Bhí sé de chuspóir ag *Feasta* scríbhneoireacht nua a spreagadh, agus thug *Feasta* an-tacaíocht i gcónaí do scríbhneoirí – idir óg agus aosta i gcaitheamh na mblianta .^[3] Foilsigh *Feasta* léirmheasanna agus tráchtairíocht shóisialta agus pholaitiúil, in éineacht le tuairiscí ar imeachtaí cultúrtha a bhaineann leis an teanga. Cé go bhfuil baint ag *Feasta* fós le Conradh na Gaeilge, bhí sé neamhspleách i gcúrsaí eagarthóireachta.

Scríobh roinnt colúnaithe don iris go rialta. Foilsíodh gearrscéalta agus filíocht ([Máirtín Ó Direáin](#), [Máire Mhac an tSaoi](#), [Seán Ó Ríordáin](#), agus [Nuala Ní Dhomhnaill](#) agus daoine eile nach iad).

📖
Feasta

Cineál	irisleabhar
Cárta innéacs	
Teanga	an Ghaeilge
Am tosaigh	1948 ✎
Tréith	
Príomhábhar	Litríocht na hÉireann
Suíomh	feasta.ie ✎

B: FOCLÓIR

1.

síorlaghdú	<i>continuous decrease</i>
eagrán	<i>edition</i>
chífidh muid	<i>we will see</i>
dílís	<i>loyal</i>
blúiríní	<i>little bits, snippets</i>
earnáil	<i>sector</i>
atheagar	<i>reorganisation</i>
maoiniú	<i>funding</i>
ciste	<i>fund</i>
i gcomhthéacs	<i>in context</i>

2. Féach:

feasta, *adv.* From now on, henceforth; (*with neg.*) no more, not any more. **Is méanar duit** ~, it is well for you from now on. **Déan mo chomhairle** ~, take my advice for the future. *Ba cheart dó ciall a bheith aige* ~, it is about time he had sense. **Ba chóir go mbeadh siad anseo** ~, **am ar bith** ~, they ought to be here by now, at any time now. **Ní fheicfidh tú ~ iad**, you will not see them any more. **Bí i do thost ~ air**, say no more about it. **Tabhair mo shuaimhneas dom** ~, let me have peace from now on; it is time you let me have peace. ~ **choíche**, for all future time, evermore; (*with neg.*) nevermore.

- 3. Idir = *both*.
- 4. Riarthóir – administrator / síntiúsóir – *subscriber*.

C: TUISCINT

1. Féach:

Síorlaghdú ar an tacaíocht ón stát is cúis le deireadh na hirise <i>Feasta</i>
Foilsíodh an chéad eagrán 75 bliain ó shin.
350 síntiúsóir a bhí ag an iris.
Thug an iris an-tacaíocht d’óg agus aosta le bheith ag scríobh as Gaeilge
Bheadh earnáil na foilsitheoireachta níos fearr dá mbeadh <i>Feasta</i> fós ar fáil.
Níor maoiníodh an iris mar shíl Foras na Gaeilge nach n-éireodh léi amach anseo.
Tá breis is 200 iris ar fáil as Béarla don phobal ach níl ach dhá iris as Gaeilge ar fáil.
Níor glacadh leis an moladh gur cheart do leabharlanna stáit síntiús a ghlacadh.

2. Féach:

- Bhí sé mar chuid d’**atheagar** a rinneadh ar airgead na heagraíochta.
- Bhí a lán daoine an-**dílis** don iris.
- **Eagrán** na Bealtaine seo an ceann deireanach a **chífidh muid** den iris.
- Ó 2014 bhí Conradh na Gaeilge ag **maoiniú** na hirise as a **gciste** féin.
- Caithfidh tú meath na léitheoirí irise a chur **i gcomhthéacs** an lae inniu.
- **Síorlaghdú** ar an tacaíocht ón stát in **earnáil** na foilsitheoireachta Gaeilge is cúis le deireadh na hirise *Feasta*.
- Bhíodh Síle Ní Mhurchú ag scríobh **blúiríní** don iris.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (foilsigh)

- a) A foilsíodh – *that was published* – an saorbhriathar, aimsir chaite. / D’fhoilsigh – *published* – an aimsir chaite.
- b) Féach:
 - Rinne mé an obair.
I did the work.
 - Rinneadh an obair.
The work was done.
 - Chuir sé an litir sa phost.
He put the letter in the post.
 - Cuireadh an litir sa phost.
The letter was put in the post.

D'ith sí an cáca ar fad.
She ate all the cake.
 Itheadh an cáca ar fad.
All the cake was eaten.
 D'ordaigh sibh an leabhar.
You ordered the book.
 Ordaíodh an leabhar.
The book was ordered.
 Dhún siad na doirse.
They closed the doors.
 Dúnadh na doirse.
The doors were closed.
 Scríobh sí leabhar faoin topaic.
She wrote a book about the topic.
 Scríobhadh leabhar faoin topaic.
A book was written about the topic.

c) Féach: chonacthas (*was seen*) / dúradh (*was said*) / rugadh (*was born, was caught*).

2: Cruinneas gramadaí (na míonna)

a) Féach:

Eanáir:	mí Eanáir	Feabhra	mí Feabhra
Márta	mí an Mhárta	Aibreán	mí Aibreáin
Bealtaine	mí na Bealtaine	Meitheamh	mí an Mheithimh
Iúil	mí Iúil	Lúnasa	mí Lúnasa
Meán Fómhair	mí Mheán Fómhair	Deireadh Fómhair	mí Dheireadh Fómhair
Samhain	mí na Samhna	Nollaig	mí na Nollag

b) Cleachtadh cainte é seo chun cleachtadh a dhéanamh ar na míonna a pléadh.

E: CUMARSÁID

1: Scríobh

Tabhair deis do gach grúpa plé a dhéanamh ar an iris ar mhaith leo a chruthú / a bhunú. Tá na ceisteanna ann chun cuidiú leis an gcaint.

2: Caint

Iarr orthu clúdach na hirise a dhearadh le chéile.

Curtha ar fáil ag



Ollscoil Mhá Nuad
 Ollscoil na hÉireann
 Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
 Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
 Gaeltachta & Gaelscolálochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
 Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
 Department of Tourism, Culture,
 Arts, Gaeltacht, Sport and Media

